**Nótaí Cruinnithe**

| An tSraith Shóisearach<br>Nuatheangacha Iasachta | Meitheal Forbartha – Cruinniú 5:<br>An 26 Lúnasa 2024<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Fáilte, miontuairiscí, nithe ag éirí, agus coimhlintí leasa** | Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh bhaill na meithle. Cuireadh na miontuairiscí ón gcruinniú deireanach i láthair agus glacadh leo. Níor cuireadh aon rialachas ná coimhlint leasa in iúl. |
| **Clár Oibre** | Cuireadh clár oibre chruinniú an lae inniu i láthair agus glacadh leis. |
| **Cur i láthair ar an Dréacht-thuairisc maidir leis an gComhairliúchán Poiblí** | Rinne an Feidhmeannas cuir i láthair mionsonraithe faoi phróiseas an chomhairliúcháin phoiblí, faoin bpríomhaiseolas agus faoi cheisteanna don mheitheal. |
| **Plé ar an Dréacht-thuairisc** | Rinne an mheitheal an t-aiseolas a cuireadh i láthair agus ceisteanna na tuairisce maidir le sonraíocht Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí a chur i gcrích a mheá agus a phlé. |
| **Cur i láthair agus plé ar eagarthóireacht mholta ar dhréachtsonraíocht Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí** | Chuir an Feidhmeannas forbhreathnú gairid i láthair ar na chéad chéimeanna eile san obair seo.<br>Chuir an Feidhmeannas an dréacht-eagarthóireacht ar shonraíocht Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí i láthair agus mhínigh sé an réasúnaíocht taobh thiar de na hathruithe molta. Bhí deis ag an meitheal ansin ceisteanna a chur agus na chéad tráchtanna/bhreithnithe a dhéanamh roimh an bplé mionsonraithe ag an gcéad chruinniú eile. |
| **Aon ghnó eile agus na Chéad Chéimeanna Eile** | **An Chéad Chruinniú Eile:** An 28 Lúnasa 2024<br>Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as a rannpháirtíocht i rith an chruinnithe.<br>Tá an Feidhmeannas le haiseolas na meithle ar an dréacht-tuairisc chomhairliúcháin a chur i dtoll a chéile agus a roinnt go hinmheánach. |